Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Meán Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12060/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0235 (NLE)**

**ENER 420**
**RELEX 1133**
**COWEB 81**
**COEST 629**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh i ndáil le hionchorprú Rialachán (AE) 2022/1032 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le stóráil gáis in *acquis* an Chomhphobail Fuinnimh |

**CINNEADH (AE) 2022/...ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh i ndáil le hionchorprú Rialachán (AE) 2022/1032 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le stóráil gáis in *acquis* an Chomhphobail Fuinnimh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 194, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2006/500/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2006 maidir le Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a thabhairt i gcrích ag an gComhphobal Eorpach[1],

Ag féachaint do Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, agus go háirithe Airteagail 79, 24 agus 25 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 198, 20.7.2006, lch. 15.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is Páirtí é an tAontas Eorpach i gConradh an Chomhphobail Fuinnimh.

(2) Thug an tAontas Conradh an Chomhphobail Fuinnimh i gcrích trí bhíthin Chinneadh 2006/500/CE ón gComhairle, agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 2006.

(3) Ceann de phríomhchúraimí an Chomhphobail Fuinnimh is ea an caidreamh idir na Páirtithe i gConradh an Chomhphobail Fuinnimh a eagrú agus creat dlíthiúil agus eacnamaíoch a chruthú lena gcumhdófar na hearnálacha leictreachais agus gáis mar a shainítear i gConradh an Chomhphobail Fuinnimh.

(4) I bhfianaise a thábhachtaí atá stórais gáis chun slándáil an tsoláthair gáis a áirithiú, agus i bhfianaise chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ghlac an tAontas go práinneach, Rialachán maidir le stóráil gáis, eadhon Rialachán (AE) 2022/1032 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1]. Ba cheart, mar ábhar práinne, é a ionchorprú mar chuid de *acquis* an Chomhphobail Fuinnimh.

(5) Faoi Theideal II de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún bearta a mholadh sin a bhaineann le *acquis* an Comhphobal Fuinnimh a leathnú.

(6) Le hionchorprú Rialachán (AE) 2022/1032 in *acquis* an Chomhphobail Fuinnimh, rannchuidítear le cuspóirí an Chomhphobail Fuinnimh agus rachaidh sé chun tairbhe do na Páirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh sa Chonradh ó thaobh soláthar fuinnimh a áirithiú,

---

[1] Rialachán (AE) 2022/1032 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/1938 agus (CE) Uimh. 715/2009 i dtaca le stóráil gáis (IO L 173, 30.6.2022, lch. 17).

(7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh ('an Chomhairle Aireachta') a bhunú i ndáil le Rialachán (AE) 2022/1032 a ionchorprú in *acquis* an Chomhphobail Fuinnimh.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais sa Chomhairle Aireachta a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh atá i gceangal leis seo.

(9) I bhfianaise phráinn na staide a bhaineann le stóráil gáis, is gá an Cinneadh seo a ghlacadh gan mhoill

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Is éard a bheidh sa seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh ('an Chomhairle Aireachta') an dréachtchinneadh ón gComhairle Aireachta, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn atá i gceangal leis an gCinneadh seo, a fhormheas.

2. Féadfaidh an Coimisiún teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe, i bhfianaise tuairimí ó na Páirtithe Conarthacha i gConradh an Chomhphobail Fuinnimh roimh nós imeachta glactha an Chinnidh ón gComhairle Aireachta, nólena linn, gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*